

RABHADH

Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.

Scríobh do Scrúduimhir anseo.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

ARDLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30

Treoracha d'Iarrthóirí:

Freagair GACH CEANN de na CÚIG Cheist laistigh

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
Freagair (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil
agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna
go léir.

Don Scrúdaitheoir amháin:

Ceist	MARC
1	
2	
3	
4	
5	
IOMLÁN	
GRÁD	

CEIST 1

24 marc

Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)

(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA

(12 mharc)

Freagair **12** de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás.

Sampla: Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

- | | | | |
|-----------------------|-------------------------------------|------------------|------------------------------|
| (a) Gaillimh | <input type="checkbox"/> | (b) Béal Feirste | <input type="checkbox"/> |
| (c) Baile Átha Cliath | <input checked="" type="checkbox"/> | (d) Port Láirge | <input type="checkbox"/> (1) |

1. Is duine é cairtghrafaí a oibríonn le:

- | | | | |
|-----------------------------|--------------------------|--------------------|------------------------------|
| (a) déantáin agus fothracha | <input type="checkbox"/> | (b) ithir | <input type="checkbox"/> |
| (c) músaem | <input type="checkbox"/> | (d) léarscáileanna | <input type="checkbox"/> (1) |

2. Is ‘coilltiú’ a bhíonn i gceist nuair a dhéanann duine:

- | | | | |
|---------------------------|--------------------------|--------------------------|------------------------------|
| (a) foraoisí a dhó | <input type="checkbox"/> | (b) crainn a chur ag fás | <input type="checkbox"/> |
| (c) páirceanna a dhéanamh | <input type="checkbox"/> | (d) dhá bharr a fhás | <input type="checkbox"/> (1) |

3. Cé a thóg na cloigthe in Éirinn?

- | | | | |
|---------------------|--------------------------|-----------------|------------------------------|
| (a) na Lochlannaigh | <input type="checkbox"/> | (b) na manaigh | <input type="checkbox"/> |
| (c) na Normannaigh | <input type="checkbox"/> | (d) na Ceiltigh | <input type="checkbox"/> (1) |

4. An t-aigéan amach ó chósta thiar na hÉireann ná:

- | | | | |
|--------------------------|--------------------------|--------------------------|------------------------------|
| (a) an tAigéan Ciúin | <input type="checkbox"/> | (b) an tAigéan Artach | <input type="checkbox"/> |
| (c) an tAigéan Antartach | <input type="checkbox"/> | (d) an tAigéan Atlantach | <input type="checkbox"/> (1) |

5. Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiomайл do bhrú óige ná:

- | | | | |
|--------------------|--------------------------|------------------|------------------------------|
| (a) triantán dearg | <input type="checkbox"/> | (b) carbhán | <input type="checkbox"/> |
| (c) puball | <input type="checkbox"/> | (d) réalta ghorm | <input type="checkbox"/> (1) |

6. Cé acu de na tíortha seo **NACH** bhfuil san Aontas Eorpach?

- | | | | |
|-----------------|--------------------------|-----------------|------------------------------|
| (a) an Pholainn | <input type="checkbox"/> | (b) an Liotuáin | <input type="checkbox"/> |
| (c) an Eilvéis | <input type="checkbox"/> | (d) an Fhrainc | <input type="checkbox"/> (1) |

7. Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, taispeánann líne dhubh leanúnach:

(a) iarnród

(b) abhainn

(c) mótarbhealach

(d) teorainn chontae

(1)

8. Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ollscoileanna:

(a) don chaitheamh aimsire

(b) don tionsclaíocht

(c) don oideachas

(d) don airgeadas

(1)



9. Sa phictiúr thusa taispeántar:

(a) brúmhéadar

(b) ainéimiméadar

(c) teirmiméadar

(d) compás

(1)

10. Ainm eile a bhí ar na Lochlannaigh ná:

(a) na Ceiltigh

(b) na hIoruaign

(c) na manaigh

(d) na Normannaigh

(1)

11. Is é a tugadh ar na daoine a rinne ionradh ar Éirinn in 1169 ná:

(a) na Lochlannaigh

(b) na Ceiltigh

(c) na Normannaigh

(d) na Sacsanaigh

(1)

12. An chumhacht a bhi sa stáisiún cumhachta i Chernobyl, ina raibh tionóisc i 1986 ná:

(a) cumhacht tonnta

(b) cumhacht núicléach

(c) cumhacht na gréine

(d) gual

(1)

13. Ainmnigh an tír a bhí mar ‘ Cheardlann an domhain ’ sa Réabhlóid Thionsclaíoch:

(a) Éire

(b) an Fhrainc

(c) an Bhreatain

(d) an Ghearmáin

(1)

14. Ciallaíonn uirbiú go bhfuil forbairt á déanamh:

(a) ar thalamh feirme

(b) ar bhóithre

(c) ar bhailte agus ar chathracha

(d) ar pháirceanna

(1)

(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL

AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH

(6 mharc)

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

- (a) Saol agus trealamh an tsaigndiúra

NÓ

- (b) Tithe agus áiteanna cónaithe

NÓ

- (c) Éadaí a chaith siad

NÓ

- (d) Nósanna adhlactha agus sochraide

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná: _____

(6)

(C) SAIGHDIÚRÍ NORMANNACHA

(6 mharc)



Sna híomhánná seo ó Thaipéis Bayeux taispeántar roinnt saighdiúirí Normannacha ag troid agus caisleán á ionsaí acu.

1. Ainmnigh arm **AMHÁIN** a bhí ag saighdiúir Normannach chun saighdiúir eile a ionsaí.

_____ (1)

2. Ainmnigh rud **AMHÁIN** a bhí ag saighdiúir Normannach chun é féin a chosaint.

_____ (1)

3. Cén trealamh nó teicníochtaí troda a bhí ag na Normannaigh agus a thug buntáiste dóibh?

(4)

CEIST 2

24 marc

Freagair cuid (A) nó (b).

(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17Ú hAOIS

(24 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

Rialacha do Ghealltóirí

Déanfaidh gachgealltóir de ghabháltas mór (2000 acra) laistigh de thrí blianateach cloiche a thógáil ar an áit, le cúirt láidir nó bábhún timpeall air; agus déanfaidh gach gealltóir de ghabháltas meánach (1500 acra), laistigh den tréimhse ama céanna, teach cloiche nó bríce a thógáil, le cúirt láidir nó bábhún timpeall air; agus déanfaidh gach gealltóir de ghabháltas beag (1000 acra), laistigh den tréimhse ama céanna, cúirt láidir nó bábhún ar a laghad a chur ann.

Laistigh de thrí bliana, déanfaidh gach gealltóir, 24 fear chumasacha a phlandáil nó a chur ar ghabháltas beag.....biodh na fir ocht mbliana déag d'aois nó os a chionn, Sasanaigh nó Albanaigh Intíre; agus ag an ráta céanna ar na gabháltais eile; 10 dteaghlaigh ar a laghad a bheith lonnaithe ar gach gabháltas beag agus ag an ráta céanna sna gabháltais eile, sa tsúi seo; biodh an príomhghealltóir agus a theaghlach lonnaithe ar dhíméin (priomhfheimr an eastáit) de 300 acra; beirt fheirmeoiri feo (uinéiri) ar 120 acra an duine; triúr léasaithe (biodh socrú scriofa acu le gealltóir; seilbh a bheith acu ar thalamh ar feadh roinnt blianta ag cíos socraithe).....ceithre theaghlach nó níos mó de thalmhaithe (feirmeoiri).....

Gach duine de na gealltóirí atá luaite, gheobhaidh siad a dtionónaithe chun tithe a thógáil dóibh féin agus dá dteaghlaigh, gan iad a bheith scaipthe ó chéile ach iad le chéile, in aice leis an bpriomhtheach nó bábhún ; biodh sé mar seo, ní hamháin chun a bheith mar chomhchosaint agus neart dá chéile ach chun Bailte Beaga nó Bailte Móra a bhunú.

Tógfaidh gach duine de na gealltóirí luaite, sula nglactar leis mar ghealltóir; an Mionn Ceannais i Sasana nó in Albain, nó os comhair na gCoimisinéirí a cheapfar chun an Phlandáil a chur ar bun.

1. Bhí ar gach gealltóir 24 fear chumasacha a chur ar ghabháltas beag. Cad í an mhéid a bhí sa ‘ghabháltas beag’?

_____ (2)

2. Ainmnigh **DHÁ** áit a raibh cead ag na gealltóirí na 24 fear chumasacha a fháil astu.

_____ agus _____ (2)

3. Bhí ar na gealltóirí a dtithe a thógáil le cloch agus bríce seachas adhmad. Cén fáth, dar leat? Tabhair cúis **AMHÁIN**.

_____ (2)

4. Ainmnigh **DHÁ** chontae a plandáladh i bPlandáil Uladh.

_____ agus _____ (2)

5. Cad iad na ‘ rialacha ’ a chabhraigh le forbairt na mbailte, móra agus beaga?

(2)

6. Mínigh na téarmaí seo a leanas a úsáideadh sa sliocht:

Gealltóir _____

Bábhún _____

An Mionn Ceannais _____

(6)

Sa tábla taispeántar úinéireacht talún i gCúige Uladh sna blianta 1600, 1640 agus 1700

	% den talamh in úinéireacht na gCaitliceach	% den talamh in úinéireacht na bProtastúnach
1600	90	10
1640	60	40
1700	15	85

7. Iarmhaint amháin de na plandálacha in Éirinn sa 17ú haois ná athrú in úinéireacht talún.
Agus eolas ón tabla thuas á úsáid agat, scríobh síos dhá shlí inar athraigh úinéireacht talún.

1. _____

2. _____

(4)

8. Iarmhaint amháin de na plandálacha in Éirinn sa 17ú haois ná athrú in úinéireacht talún.
Tabhair **DHÁ** iarmhaint eile de na plandálacha in Éirinn.

1. _____


2. _____

(4)

Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Imirce agus Díchoilltiú sa Bhrasaíl

Díchoilltiú i Meiriceá Laidineach idir 1990 agus 2000



Is beag an t-ioncam atá ag formhór na ndaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe sa Bhrasaíl agus ní leo féin an talamh. Tá a lán limistéar foraoise á nglanadh chun slí a dhéanamh d'fheirmeacha móra.

Tá 'sár'-fheirmeacha ollmhóra curtha ar bun ag feirmeoíri saibhre. Úsáideann siad seo a lán innealra agus ní bhíonn oibrithé neamhoilte ag teastáil san fhómhar.

Imíonn na hoibrithé neamhoilte seo go dtí na cathracha agus na bailte móra agus obair á lorg acu. Agus bóithre nua á dtóigail, tá iarracht déanta ag rialtas na Brasáile cabhrú leo ach fós tá an saol níos fusa sna cathracha ná ar an talamh.

1. An bhfuil an ‘díchoilltiú’ ina fhadhb áitiúil, a bhaineann le Meiriceá Laidineach amháin, nó an bhfuil sé ina fhadhb dhomhanda? Tabhair cúiseanna le do fhereagra.

(6)

2. Tabhair **DHÁ** thoisc tharraingthe a chuireann iallach ar na hoibrithé neamhoilte dul go dtí na cathracha móra.

(4)

3. Tabhair buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis na ‘sár- fheirmeacha’.

Buntáiste (rud maith fúthu) _____

⁽⁴⁾

Míbhuntáiste (rud olc fúthu) _____

(4)

4. Ainmnigh cathair **AMHÁIN** sa Bhrasaíl a bhféadfadh na daoine seo bogadh chuici.

_____ (2)



5. Scríobh faoi na deacrachtaí a bhíonn go minic ag na hoibrithe feirme neamhoilte, nuair a bhogann siad go dtí na cathracha móra.

(Noda: *Obair, oideachas, tithíocht, difríochtaí cultúrtha*).


CEIST 3

24 marc

Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó (C)

(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH


(12 mharc)




Træin luath le carráistí paisinéirí




Leanbh á ionaclú ag Edward Jenner



Florence Nightingale



Síoladóir Jethro Tull



Buailteoir gaile á úsáid

Bain úsáid as na pictiúir is na léaráidí sa leathanach trasna chun cabhrú leat agus scríobh oiread agus is féidir leat faoi cheann **AMHÁÍN** dióbh seo a leanas:

- Feabhsúcháin in Iompar san 18ú agus 19ú haois
 - Feabhsúcháin i Leigheas san 18ú agus 19ú haois
 - Feabhsúcháin i bhFeirmeoireacht san 18ú agus 19ú haois

Scriobhfaidh mé faoi fheabhsúcháin i (in) _____

Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** ina raibh saolta na ndaoine níos fearr de bharr athruithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

(3)

Déan cur síos ar shlí **AMHÁIN** ina raibh saolta na ndaoine níos measa de bharr athruithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch

(3)



1. Cad a bhí i gceist le ‘ Latrach an áir ’?

(2)

2. Ainmnigh fadhb shláinte **AMHÁIN** a d’fhulaing na saighdiúirí sna trinsí.

(2)

3. Ainmnigh cath mór **AMHÁIN**, ar thalamh, sa Chéad Chogadh Domhanda.

(2)

4. Scríobh alt gairid faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

- (a) An Lusitania á chur faoi uisce;
- (b) Airm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;
- (c) Suaitheadh catha;
- (d) Conradh na Náisiún.

(6)

Baineann na pictiúir seo a leanas le mná i rith an Dara Cogadh Domhanda.



Bonn á athrú ag an mbanphrionsa óg, Eibhlís



Postaeir éagsúla a ghríosann na mná chun dul isteach in Arm na Talún.

1. I rith an chogaidh, cén fáth a raibh mná ag teastáil chun dul ag obair ar fheirmeacha agus i monarchhana agus i ngaráistí?

(2)

2. An raibh sé tábhachtach, dar leat, gur chabhraigh an Banphrionsa Eibhlís freisin? Tabhair cúsí **AMHÁIN** le do fhreagra.

(4)

3. Cad is UBhád ann?

(2)

4. Cén fáth ar bunaíodh Arm Mná na Talún?

(4)

CEIST 4

24 marc

Freagair cuid (A) agus cuid (B)

- (A) **DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA SA DOMHAN FORBARTHA AGUS SA DOMHAN I mbÉAL FORBARTHA** (12 mharc)

Déan staidéar ar Fhotagraf A agus ar Fhotagraf B agus freagair na ceisteanna a leanann iad.



Fótagraf A



Fótagraf B

1. Cé acu fótagraf, dar leat, a tógadh i dtír i mbéal forbartha?

_____ (2)

2. Tabhair cúis le do fhreagra i gceist 1 thusa.

_____ (2)

3. Ainmnigh **DHÁ** chineál dhifriúla d'ábhair dramhaíola, seachas miotal, ar féidir a athchúrsáil.

_____ (2)

4. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ábhair in-athchúrsáilte a scaradh ó chéile (mar atá i bhfótagraf A)?

_____ (2)

5. Déan cur síos ar **DHÁ** fheabhsúchán a dhéanfá don stór athchúrsála i bhfótagraf B.

_____ (4)



Íomháanna as <http://www.hyd-masti.com>

Baineann roinnt tíortha i mbéal forbartha úsáid as paistí mar oibrithe in a lán saghsanna post difriúla. Sna híomháanna seo taispeántar páistí atá fostaithe i monarchhana agus sa tionscal tógála.

1. Cad iad na fadhbanna sláinte, dar leat, a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí sna fótagraif?

_____ (2)

2. Dá mbeadh na páistí sna fótagraif in Éirinn, cad a bheadh ar siúl acu gach lá?

_____ (2)

3. Ainmnigh táirge **AMHÁIN**, atá ar fáil i siopaí in Éirinn agus arbh é is dóichí go ndearna oibrí páiste é.

_____ (4)

4. An raibh fostú páistí forleathan sa Bhreatain agus in Éirinn riamh? Conas a cuireadh stop leis?

_____ (4)

CEIST 5
24 marc

Déan deimhin de go bhfuil léarsáil agus fótágraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.

Scrúdaigh Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, 1 : 50,000 agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipár seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Chill Airne agus an ceantar ina thimpeall.

1. Ainmnigh an Príomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

(1)

2. Samhlaigh go bhfuil tú ag Leaca Bhán (Lackabane) (V 923 917) agus ag féachaint i dtreo Sliabh Seithe (Shehy) (V 916 862).

An treo a bhfuil tú ag féachaint air ná _____ (1)

3. Tabhair na hainmneacha ar **THRÍ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil .

_____, _____ agus _____

(3)

4. Is é a thugtar ar an bpointe is airde ar an léarscáil ná _____
agus tá airde _____ méadar ann. (4)

5. Cad a fhaightear ag na tagairtí eangaí seo a leanas?
Tá an chéad cheann déanta duit.

Tagairt Eangaí	Gné
V 984 860	Láthair picnicí
V 937 914	
V 978 814	
V 956 893	

(9)

6. Scríobh faoi conas a bhí tionchar ag cruth an tírdhreacha ar úsáid na talún, ar an turasóireacht agus ar an talmhaíocht i gceantar Chill Airne.
